II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1444 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Meitheamh 2021

lena bhforlíontar Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin maidir le pointí athluchtaithe le haghaidh busanna leictreacha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2014/94/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le bonneagar a chur ar fáil le haghaidh breoslaí malartacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(14) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2014/94/AE, leagtar síos gur cheart sonraíochtaí teicniúla maidir le hidir-inoibritheacht na bpointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe a shonrú i gcaighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta. I gcás na gcaighdeán nár glacadh go fóill, is ar na caighdeáin atá á bhforbairt ba cheart an caighdeánú a bhunú.

(2) De bhun Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), d'iarr an Coimisiún ([3]) ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) caighdeáin Eorpacha iomchuí a fhorbairt agus a ghlacadh, nó na caighdeáin atá ann cheana a leasú, i gcomhair soláthar leictreachais le haghaidh iompar ar bóthar agus iompar muirí, agus loingseoireacht intíre; soláthar hidrigine le haghaidh iompar ar bóthar; agus gás nádúrtha, lena n-áirítear soláthar bithmheatáin, le haghaidh iompar ar bóthar agus iompar muirí, agus loingseoireacht intíre.

(3) Ó cuireadh iarraidh M/533 chun feidhme, d'fhorbair CEN agus Cenelec na caighdeáin ina bhfuil na sonraíochtaí teicniúla maidir le pointí athluchtaithe le haghaidh busanna leictreacha dá dtagraítear i bpointe 1.6 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2014/94/AE.

(4) Chuir CEN agus Cenelec in iúl don Choimisiún gurb iad nascóirí Chineál 2 mar a shonraítear i gcaighdeán EN 62196-2 na cineálacha nascóirí is iomchuí i gcomhair na bpointí athluchtaithe gnáthchumhachta agus ardchumhachta le sruth ailtéarnach (SA), le haghaidh busanna leictreacha.

(5) Chuir CEN agus Cenelec in iúl don Choimisiún gur cheart nascóirí an chomhchórais luchtaithe "Combo 2", mar a shonraítear i gcaighdeán EN 62196-3, a úsáid i gcomhair pointí athluchtaithe gnáthchumhachta agus ardchumhachta le sruth díreach (SD), le haghaidh busanna leictreacha.

([1]) IO L 307, 28.10.2014, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).

([3]) M/533 Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 1330 final ón gCoimisiún an 12 Márta 2015 maidir le hiarraidh ar chaighdeánú arna dhíriú ar eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, i gcomhréir le Rialacháin (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chun caighdeáin Eorpacha a dhréachtú maidir le bonneagar le haghaidh breoslaí malartacha.

(6) Chuir CEN agus Cenelec in iúl don Choimisiún gur cheart caighdeán EN 50696 a chur i bhfeidhm maidir le gairis uathnasctha comhéadain teagmhála a úsáidtear chun busanna leictreacha a athluchtú gan sreang i modh 4, de réir EN 61851-23-1, chun idir-inoibritheacht a áirithiú. An caighdeán seo, i gcomhar leis na gcaighdeán thuasluaite, is caighdeán é a mbeidh tábhacht ar leith ag baint leis ó thaobh busanna leictreacha a chur in úsáid sna cathracha.

(7) De bhun Threoir (AE) 2019/1161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), íosmhéid scaireanna náisiúnta suas le 22,5 % le haghaidh 2021-2025 agus 32,5 % le haghaidh 2026-2030 den cheannachán poiblí, cuirfear ar leataobh le haghaidh busanna astaíochtaí nialasacha iad. Agus borradh ag teacht faoin méid údaráis agus oibreoirí iompair phoiblí atá ag iompú ar bhusanna astaíochtaí nialasacha chun na táirgí sin a bhaint amach, tá méadú ar an ngá le hidir-inoibritheacht iomlán a chur ar fáil maidir le bonneagar feithiclí agus athluchtaithe.

(8) Idir-inoibritheacht na gcineálacha éagsúla athluchtaithe le haghaidh busanna leictreacha, is idir-inoibritheacht í ba cheart a áirithiú chun cothrom na Féinne a chruthú le haghaidh monaróirí agus oibreoirí agus chun barainneachtaí scála a chumasú, agus oscailteacht roimh réitigh theicneolaíocha a áirithiú san am céanna. Ba cheart don idir-inoibritheacht sin úsáid an luchtaithe chliste a fheabhsú, lena n-áirítear seirbhísí feithicle le heangach.

(9) Saineolaithe ó na Ballstáit, a ndeachthas i gcomhairle leo tríd an gCoiste um Bonneagar le haghaidh Breoslaí Malartacha, agus ataiséanna iompair ó na Ballstáit, chuir siad comhairle ar fáil maidir leis na caighdeáin Eorpacha agus na sonraíochtaí teicniúla is ábhar don ghníomh tarmligthe seo.

(10) Ba cheart don Choimisiún pointe 1.6 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2014/94/AE a fhorlíonadh dá réir leis na tagairtí do na caighdeáin Eorpacha agus do na sonraíochtaí teicniúla a d'fhorbair CEN agus Cenelec.

(11) Nuair a bheidh na sonraíochtaí teicniúla nua in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2014/94/AE le cur chun feidhme trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, beidh feidhm ag idirthréimhse 24 mhí.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na pointí athluchtaithe le haghaidh busanna leictreacha dá dtagraítear i bpointe 1.6 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2014/94/AE, is mar seo a leanas a fheisteofar na pointí athluchtaithe sin, chun críoch idir-inoibritheachta:

— pointí athluchtaithe gnáthchumhachta agus ardchumhachta le sruth ailtéarnach (SA) le haghaidh busanna leictreacha, is le nascóirí Chineál 2 a fheisteofar iad, mar a shonraítear i gcaighdeán EN 62196-2;

— pointí athluchtaithe ardchumhachta le sruth díreach (SD) le haghaidh busanna leictreacha, is le nascóirí an chomhchórais luchtaithe "Combo 2" a fheisteofar iad, mar a shonraítear i gcaighdeán EN 62196-3;

— comhéadain teagmhála le haghaidh gairis uathnasctha a úsáidtear chun busanna leictreacha gan sreang a athluchtú i mód 4 de réir EN 61851-23-1, ar comhéadain iad a bhaineann le gaireas uathnasctha (ACD) atá feistithe ar an mbonneagar (pantagraf), ACD atá feistithe ar dhíon na feithicle, ACD atá feistithe faoin bhfeithicil agus ACD atá feistithe ar an mbonneagar agus a nascann le taobh nó le díon na feithicle, is leis na comhéadain mheicniúla agus leictreacha a shainmhínítear i gcaighdeán EN 50696 a fheisteofar iad.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 26 Meán Fómhair 2023.

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo ach amháin maidir le pointí athluchtaithe le haghaidh busanna leictreacha a shuiteálfar tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le bonneagar athluchtaithe le haghaidh sreanga lasnairde busanna tralaí (sreanga caitéineacha).

([4]) Treoir (AE) 2019/1161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leasaítear Treoir 2009/33/CE a mhéid a bhaineann le feithiclí iompair de bhóthar atá glan agus éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a chur chun cinn (IO L 188, 12.7.2019, lch. 116).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Meitheamh 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN